# POBAL CHRÍOST RÍ
# GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com

**2ú Lúnasa 2026**

**www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live**

## AIFRINN NA SEACHTAINE

**01.08** Satharn 11 r.n.
An Chéad Satharn - Faoistin 10.15-11.00.
Comaoineach. Paidrín. 15 bomaite ag machnamh ar Rún Diamhair an Chreidimh
**01.08** Satharn 1 i.n. Pósadh
**01.08** Satharn 7 i.n.
Christopher Mandy Mc Gee,An Ardaí Bheag
**01.08** Satharn **5.45 i.n. athrú ama**
Aifreann in Ionad Mhachaire Rabhartaigh
**02.08** Domhnach 9 r.n.
**02.08** Domhnach 11 i.n.
Mary agus Brianaí Ó hOireachtaigh,Machaire Rabhartaigh
**02.08** Domhnach 1 i.n. Baisteadh
**03.08** Luain 7 i.n.
Colin Hughes & a dheirfiúr Karen Underdown,Londain
**04.08** Máirt 10 r.n.
An tAth Hugh Divine
**05.08** Céadaoin 7 i.n
An tAth Joseph Bradley
**06.08** Déardaoin 7 i.n.
**07.08** Aoine 7 i.n.
**08.08** Satharn **5.45 i.n.. athrú ama**
Aifreann in Ionad Mhachaire Rabhartaigh
**08.08** Satharn 7 i.n.
**09.08** Domhnach 9 r.n.
**09.08** Domhnach 11 r.n.
**09.08** Domhnach 1 i.n. Baisteadh

## BÁS LE GAIRID

Hannah Nic Ruairí,Toraigh/Mín Lárach
Nellie Nic Aoidh, Glais a' Chú
Joe Duggan, Doire Chonaire

## CRUINNIÚ AIRGID

Tógadh €1,205 an tseachtain s'chuaigh thart. Buíochas don phobal.

**CUMANN N. UINSIONN DE PÓL – 087 1965933**
**BANC BIA CHLOICH CHEANN FHAOLA 085 756 0177**

## OILITHREACHT GO LOURDES

Tá cúpla suíochan fagtha ar oilithreacht go Lourdes ar an 28.09.26 fá choinne 5 lá. Déan teagmháil le John Mc Ginley 0749135201

## AN tOCHTÚ DOMHNACH DÉAG A

### AN CHÉAD LÉACHT

**Sliocht as leabhar Ísáia fáidh. 55:1-3.**

Seo mar a deir an Tiarna:
Hóigh, a lucht íota, tagaigí go dtí an t-uisce;
sibhse a bhfuil tart oraibh, fiú muna bhfuil airgead agaibh, tagaigí. Ceannaígí cruithneacht agus ithigí gan díol as, agus fíon agus bainne gan íoc. Cén fáth a gcaitheann sibh airgead ar rud nach arán é, bhur d'tuarastal ar rud nach bhfuil sásamh ann? Éistigi liomsa agus beidh rudaí maithe le hithe agaibh, togha an bhia as a mbainfidh sibh taitneamh. Tugaigí cluas, tagaigí chugam, éistigí, agus beidh saol ag bhur n-anam. Libh, dhéanfaidh mé conradh síoraí as na grástaí a gealladh do Dháiví. **Briathar an Tiarna. FR. Buíochas do Dhia.**

### FREAGRA AN tSAILM

Fosclaíonn tú do lámh, a Thiarna,
agus sásaíonn tú sinn.

### AN DARA LÉACHT

**Sliocht as litir Naomh Pól chuig na Rómhánaigh. 8:35, 37-39.**

A bháithre, cé a thiocfas idir sinn agus grá Chríost? An trioblóid, nó crá, nó géarleanúint, nó gorta, nó nochtacht, nó contúirt, nó claíomh? Ní hea, beirimid craobh na bua sna nithe sin uilig le cuidiú an té a thug grá dúinn. Mar táim cinnte dearfa de nach bhféadfaidh bás ná beatha, aingil, ná prionsaí, ná cumhachtaí, nithe atá ann anois ná nithe atá le teacht, an domhan thuas ná an domhan thíos, ná le ní ar bith eile dár cruthaíodh sinn a scaradh ó ghrá Dé atá fáighte againn in Íosa Críost ár dTiarna. **Briathar an Tiarna. FR. Buíochas do Dhia.**

### ALLELUIA

**Alleluia, alleluia!**
Athair ár dTiarna Íosa Críost,
go bhfosclaí sé súile ár n-aigne
chun go dtuigfimis cad é mar údar dóchais dúinn ár ngairm ag Dia.
**Alleluia!**

### SOISCÉAL

**Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Maitiú. 14:13-21.**

San am sin nuair a chuala Íosa fá bhás Eoin, d'imigh sé as sin i mbád go dtí áit uaigneach i leataobh. Ach nuair a chuala na sluaite sin lean siad é de shiúl cos amach as na cathracha. Ar theacht i dtír dó, chonaic sé slua mór agus ghlac sé truaighe daofa agus leigheas na hothair a

bhí leo. Nuair a bhí sé ina thráthnóna, tháinig na deisceabail chuige agus dúirt: "Áit uaigneach é seo agus chuaigh an t-am thart; mar sin, cuir na sluaite ar shiúl go dté siad isteach sna bailte agus bia a cheannacht daofa féin." Ach dúirt Íosa leo: "Níl feidhm orthu dul, tabhairigí sibh-se rud éigin le hithe daofa." "Ach," ar siadsan leis, "níl anseo ach cúig bhunóg aráin agus dhá iasc." Dúirt seisean leo: "Tabhairigí chugam anseo iad." D'ordaigh sé do na sluaite suí síos ar an fhéar, thóg sé na cúig bhunóg agus an dá iasc, d'amharc suas ar neamh, bheannaigh, bhris, agus thug na h-aráin dá dheisceabail agus thug na deisceabail do na sluaite iad. D'ith siad uilig agus fuair siad a sáith. Chruinnigh siad a raibh fághta, dhá bhascáid dhéag de bhruscar. Timpeall cúig mhíle fear a d'ith, gan trácht ar mhná agus páistí. **Soiscéal an Tiarna. FR. Moladh duit, a Chríost.**

**FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR** Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an cúig a chlog Dé Céadaoine.

**HALLA NA PARÓISTE**
Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30i.n. *Tosaitheoirí 8.00-8.30i.n.*
Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan 5.00-8.00i.n.
Bollaí(bowls)Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7.00 - 12.00 i.n.
Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 - 7.30 i.n.
Slimming World Déardaoin 7.30 - 9.00 r.n.
Banna Ceoil Déardaoin 6.30 - 8.30 i.n.

**TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT** Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011
**MÁITHREACHA BREITHE** Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.
**TACAÍOCHT AR FÁIL** An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599
**Narcotics Anonymous** 087 4045030 / 00447810172991
**AA (Alcoholics Anonymous)** 087 6273596
**AL ANON** 018732699. info@al-anon-ireland.org

**CLÉIRIGH**
**Dé Sathairn 01/08 @ 7.00** Brídann Ní Ghallachóir
**Dé Domhnaigh 02/08 @ 9.00:** Iarla, Naoise & Paddy Ó Ceallaigh
**Dé Domhnaigh 02/08 @ 11.00:**
**Dé Sathairn 08/08 @ 7.00:** Brídann Ní Ghallachóir
**Dé Domhnaigh 09/08 @ 9.00:**
**Dé Domhnaigh 09/08 @ 11.00:** Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh

**LÉITHEOIRÍ - Lúnasa**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Marie Ní Chearnaigh
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Nóra Nic Gearailt
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Síle Ní Bhiataigh
**MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Lúnasa**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Caitlín Ní Ghallchóir & Rita Nic Gabhann
Dé Domhnaigh @ 9 r.n.Sinéad Ní Cholm & Nóirín Nic Aoidh
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Méabha Whoriskey & Bríd Nic Eachmharcaigh

**IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH**
**Dé Luain:** Glígíní (Grúpa Tuismitheoirí & Tachráin) 10.00-11.30 r.n.
**"Find the Joker"** ,Tá boscaí sna siopaí & tá clúdaigh le fáil sa bhosca taobh amuigh den Ionad fosta anois don chluiche "Find the Joker" 3 chlúdach ar €5 & cuir do 3 uimhir sna boscaí ar na clúdaigh. Póta óir ag toiseacht ag €650
Tarraingítear 3 chlúdach ón druma gach seachtain, mar sin beidh 3 bhuaiteoir againn gach seachtain
Dóibh siúd atá ag ceannacht ar líne, cuir teachtaireacht chugainn le do chuid uimhreacha.
*Tarraingt achan Déardaoin @7.00 i.n. Tuilleadh eolais ar Facebook ná ar 074 9135556/083 07692*

**SEIRBHÍS NA REILIGÍ 2026 - BUÍOCHAS**
Don phobal mhór a bhí i láthair.
Don phobal uilig as glanadh na Reilige.
Daofa seo uilig a rinne maoirseoireacht tráchta.
Daofa seo a chuir áiteanna páirceála ar fáil.
Na Sagairt : An tAth. Máirtín O Dubhchoin, An Canónach Mícheál Ó hOireachtaigh.
Paidrín :Anna Mhic Pháidín agus An Canónach Mícheál Ó hOireachtaigh.
Do na mná a rinne an tae.
Do dhuine ar bith a chuidigh ar dhóigh ar bith.

**SUIRBHÉ NA SEANSCOILE**
Thig é a fhágáil in Siopa Mhic Laifeartaigh, An Garáiste, Teach a' Phobail nó Siopa Buistéara Mhic Géidigh roimh 9/8/2026.
Do dhuine ar bith atá ag iarraidh á líonadh ar líne - tá nasc anseo - https://forms.cloud.microsoft/e/thf4wZ29Uv

Go raibh míle maith agat as do chuidiú leis seo.




***Is féidir seo a scannáil le ceamara do fón póca.**

**Rúndiamhair an Chreidimh**
Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

**Buíochas**
Thar ceann oilithreacht óige na deoise go Medjugorje, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le muintir na paróiste as an síntiús fial €981 a thug sibh ag an mbailiúchán ag geata na heaglaise ag deireadh na seachtaine. Buíochas freisin leis na daoine a rinne an bailiúchán. Go raibh maith agaibh uilig. Keith Kelly (Comhordaitheoir Óige Deoise Ráth Bhoth)

**ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE -**
**Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.**
**PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ - Dé Máirt 7.00 i.n.**
**PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE Dé Domhnaigh .**

**THE IRISH CATHOLIC**
Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan tseachtain.
Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

**BUÍON CHEOIL (SÓISEAR)**
Lotto: Comhghairdeachas le Beibhinn Carr a bhain €100
B'iad: 1-5-7-8-14-16 na huimhreacha. Póta óir anois€3,400